**Cuntas Leithreasa 2012**

# Vóta 32

# Post, Fiontar agus Nuálaíochta

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 32, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe faoi riar na hOifige sin, chun fóirdheontais, deontais agus deontais i gcabhair áirithe a íoc, agus chun deontais áirithe a íoc faoi na scéimeanna airgeadteoranta.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2012, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2011, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir leis an tsuim a bheidh le tabhairt suas a iarchur.

Tá an Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den Chuntas.

**Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

**Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn/Oifig/Údarás.Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Cheann Oifige. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí,
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach,
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha,
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn,
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC,
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta,
- comhlíonann an Roinn gach treoirlíne ábhartha a bhaineann le soláthar agus í ag cloí le gach ciorclán a bhaineann le húsáid éigeantach na gcreatchomhaontuithe agus na gcreatchonarthaí.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn/Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne/Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint

**John Murphy**

Oifigeach Cuntasaíochta

An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

27 Márta 2013

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 32 Post, Fiontar agus Nuálaíochta

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 32 Post, Fiontar agus Nuálaíochta don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na nGnáthamh Airgeadais Phoiblí.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 32 Post, Fiontar agus Nuálaíochta don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

18 Méan Fomhair 2013

# Vóta 32 Post, Fiontar agus Nuálaíochta
# Cuntas Leithreasa 2012

| | | | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas Cláir** | | | | | |
| A | Forbairt Post agus Fiontar | | | | |
| | *Suim bhunaidh* | 400,598 | | | |
| | *Tabhairt suas iarchurtha* | 13,125 | | | |
| | *Suim fhorlíontach* | 501 | 414,224 | 400,505 | 379,356 |
| B | Nuálaíocht | | | | |
| | *Suim bhunaidh* | 396,868 | | | |
| | *Tabhairt suas iarchurtha* | 5,000 | | | |
| | *Suim fhorlíontach* | 1 | 401,869 | 376,608 | 387,463 |
| C | Rialúchán | | 84,087 | 73,773 | 77,793 |
| | **Gross expenditure** | | | | |
| | *Suim bhunaidh* | 881,553 | | | |
| | *Tabhairt suas iarchurtha* | 18,125 | | | |
| | *Suim fhorlíontach* | 502 | | | |
| | | | **900,180** | **850,886** | **844,612** |
| | ***Bain as*** | | | | |
| D | **Leithreasuithe i gcabhair** | | | | |
| | *Suim bhunaidh* | 53,272 | | | |
| | *Suim fhorlíontach* | 500 | **53,772** | **50,342** | **56,085** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Suim bhunaidh* | 828,281 | | | |
| | *Tabhairt suas iarchurtha* | 18,125 | | | |
| | *Suim fhorlíontach* | 2 | | | |
| | | | **846,408** | **800,544** | **788,527** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithghabháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas don bhliain | 45,863,737 | 56,314,575 |
| Tabhairt suas iarchurtha | 25,000,000 | 18,125,000 |
| Barrachas le tabhairt suas | 20,863,737 | 38,189,575 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 21,540 | 20,674 | 22,797 |
| ii | Taisteal agus cothú | 506 | 451 | 410 |
| iii | Costais oiliúna agus forbartha agus theagmhasacha | 494 | 497 | 462 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 615 | 529 | 663 |
| v | Fearas oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 3,331 | 2,933 | 2,952 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 852 | 754 | 932 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaí | 231 | 123 | 139 |
| viii | Fógraíocht agus poiblíocht | 259 | 86 | 150 |
| ix | Uachtaránacht an AE | 1,956 | 619 | — |
| | | 29,784 | 26,666 | 28,505 |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2012

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas cláir | | 824,221 | 816,108 |
| Pá[1] | | 21,047 | 22,796 |
| Neamhphá | | 5,618 | 5,708 |
| **Ollchaiteachas** | | **850,886** | **844,612** |
| *Bain as* | | | |
| **Leithreasuithe i gCabhair** | | **50,342** | **56,085** |
| **Glanchaiteachas** | | **800,544** | **788,527** |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | (452) | | |
| Dímheas | 2,236 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | — | | |
| | | 1,784 | 1,889 |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (955) | (839) |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (718) | | |
| Méadú ar stoc | (38) | | |
| | | (756) | 656 |
| **Caiteachas díreach** | | 800,617 | 790,233 |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1) | | 21,864 | 22,048 |
| Measchíosanna | | 1,685 | 1,669 |
| **Costas glan clár** | | **824,166** | **813,950** |

[1] Baineann an difríocht de €373,000 idir an figiúr pá a léirítear sa Ráiteas Costais Oibriúcháin (€21,047,000) agus an figiúr pá a chuirtear san áireamh ag (i) d'anailís an chostais riaracháin (€20,674,000), leis an gcaiteachas a bhaineann le pá ar Uachtaránacht an AE, a chuirtear san áireamh ag (ix) d'anailís an chostais riaracháin. Cuireadh soláthar meastacháin na gcostas ar fad a bhain le hUachtaránacht an AE san áireamh faoi cheannteideal ar leith in anailís an chostais riaracháin.

**1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara**

Tá glansuim an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas i ndáil le Vóta 32 a iompraíodh in áiteanna eile.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 255 | 262 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 15,394 | 14,830 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 5,962 | 6,512 |
| Vóta 20 Garda Síochána | — | 61 |
| An Lár-Chiste - pinsin na nAirí | 253 | 383 |
| | 21,864 | 22,048 |

## 2 An Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2012

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.3 | 6,637 | 7,498 |
| **Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt** | 2.4 | 584 | 552 |
| | | **7,221** | **8,050** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.5 | 27,929 | 37,596 |
| Stoic | 2.6 | 317 | 279 |
| Réamhíocaíochtaí | | 575 | 442 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,078 | 883 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.7 | 1,375 | 1,699 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **31,274** | **40,899** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 441 | 647 |
| Ioncam iarchurtha | | 1,484 | 1,668 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.8 | 4,029 | 18,774 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.9 | 25,275 | 20,521 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **31,229** | **41,610** |
| **Glansócmhainní/Glandliteanais reatha** | | **45** | **(711)** |
| **Glansócmhainní** | | **7,266** | **7,339** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Mhaoiniú an Stáit** | 2.1 | **7,266** | **7,339** |

| **2.1 Cuntas Mhaoiniú an Stáit** | **Nóta** | **2012 €000** | **2011 €000** |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | 7,339 | 9,373 |
| Maoiniú tarraingthe síos | 2.2 | 822,408 | 810,575 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | 1,685 | 1,669 |
| Costas glan clár | 1 | (824,166) | (813,950) |
| Caillteanas ar aistriú sócmhainní chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí | | — | (328) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | **7,266** | **7,339** |

| **2.2 Maoiniú tarraingthe síos** | **Nóta** | **2012 €000** | **2011 €000** |
|---|---|---|---|
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | |
| Suim soláthraithe sa mheastachán | Cuntas | 846,408 | 844,841 |
| Tabhairt suas iarchurtha | Cuntas | (25,000) | (18,125) |
| Barrachas le tabhairt suas | Cuntas | (20,864) | (38,189) |
| | | 800,544 | 788,527 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | 21,864 | 22,048 |
| **Maoiniú iomlán tarraingthe anuas** | | **822,408** | **810,575** |

## 2.3 Sócmhainní Caipitil

| | Trealamh Oifige & TF | Troscán agus Feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2012 | 32,887 | 6,624 | 39,511 |
| Coigeartú ón mbliain roimhe[1] | (4) | 4 | — |
| Breiseanna | 1,358 | 17 | 1,375 |
| Diúscairtí | (153) | (3) | (156) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2012 | 34,088 | 6,642 | 40,730 |
| **Dímheas Carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2012 | 25,740 | 6,273 | 32,013 |
| Coigeartú ón mbliain roimhe[1] | (1) | 1 | — |
| Dímheas don bhliain | 2,074 | 162 | 2,236 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (153) | (3) | (156) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2012 | 27,660 | 6,433 | 34,093 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2012** | **6,428** | **209** | **6,637** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2011** | **7,147** | **351** | **7,498** |

[1] Freagraíonn an coigeartú ón mbliain roimhe don athrangú sócmhainní áirithe agus don tionchar gaolmhar ar dhímheas carnach tar éis athbhreithnithe ar an gclár sócmhainní.

## 2.4 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

| amhail an 31 Nollaig 2012 | Feidhmchláir Ríomhairí Inmheánacha |
|---|---|
| | €000 |
| Méideanna tugtha ar aghaidh ag an 1 Eanáir 2012 | 552 |
| Íocaíochtaí in airgead tirim don bhliain | 955 |
| Tugtha in úsáid sa bhliain | (923) |
| Méideanna tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig 2012 | 584 |

| **2.5 Banc agus Airgead Tirim** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 27,985 | 37,771 |
| Orduithe gan íoc | (56) | (175) |
| | 27,929 | 37,596 |

| **2.6 Stoic** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 238 | 201 |
| Soláthairtí TF | 60 | 61 |
| Ábhair ghlantacháin | 19 | 17 |
| | 317 | 279 |

| **2.7 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Réamh-Óinchistí | — | 20 |
| An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí | — | 35 |
| An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta | — | 7 |
| Airleacain Oifig na nOibreacha Poiblí | 217 | 30 |
| Iarmhéideanna dochair ilghnéithigh | 483 | 527 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe | 675 | 1,080 |
| | 1,375 | 1,699 |

| **2.8 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 91 | 66 |
| Ranníocaíochtaí aoisliúntais | — | 389 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 65 | (25) |
| Tobhach Ioncaim | (1) | (1) |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 86 | 71 |
| CBL ar Fhálacha laistigh den AE | 2 | 31 |
| | 243 | 531 |
| Iarmhéideanna creidmheasa ilghnéithigh | 3,786 | 18,243 |
| | 4,029 | 18,774 |

## 2.9 Glandliteanas don Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Barrachas le tabhairt suas | 20,864 | 38,190 |
| Tabhairt suas iarchurtha | 25,000 | 18,125 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (20,589) | (35,794) |
| Glandliteanas don Státchiste | 25,275 | 20,521 |

**Atá léirithe ag:**

| | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 27,929 | 37,596 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 1,375 | 1,699 |
| | 29,304 | 39,295 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (243) | (531) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (3,786) | (18,243) |
| | (4,029) | (18,774) |
| | 25,275 | 20,521 |

## 2.10 Ceangaltais

| amhail an 31 Nollaig | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| **Ceangaltais Dhomhanda** | | |
| (A) Soláthar | 51 | 71 |
| (B) Deontais[1] | 1,082,095 | 1,239,167 |

[1] Áirítear leo caiteachas ó ioncam acmhainní féin.

**Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúla os cionn €6.35m**

| | Caiteachas Carnach chomh fada leis an 31 Nollaig 2011[2] | Expenditure in 2012 | Caiteachas i 2012 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| GFT Éireann | 228,400 | 38,000 | 53,200 | 319,600 |
| Fiontraíocht Éireann | 87,285 | 29,014 | 93,860 | 210,159 |
| Forbairt Shionainne | 13,094 | 3,839 | 6,488 | 23,421 |
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann 2 | 166,837 | 53,062 | 86,256 | 306,155 |
| An Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRLTI) | 55,623 | 26,881 | 111,895 | 194,399 |
| | 551,239 | 150,796 | 351,699 | 1,053,734 |

[2] Ní chuireann seo san áireamh tionscadail a cuireadh i gcrích faoi dheireadh 2011.

### 2.11 Dliteanais Aibithe

B'ionann dliteanais aibithe mheasta nár scaoileadh ag deireadh na bliana agus €162,831.

## 3 Caiteachas Cláir de réir fo-mhírcheann

| | | | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Forbairt Post agus Fiontar** | | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | | 5,655 | 7,028 | 6,749 |
| A.2 | Riarachán – caiteachas eile | | 1,424 | 1,374 | 1,433 |
| A.3 | Forfás | | 52,672 | 51,422 | 44,460 |
| A.4 | Idir-Thrádáil Éireann | | 8,009 | 8,164 | 6,638 |
| A.5 | GFT Éireann | | | | |
| | *Suim bhunaidh* | 121,822 | | | |
| | *Suim fhorlíontach* | 10,000 | 131,822 | 131,822 | 133,218 |
| A.6 | Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne Teoranta | | 9,202 | 7,655 | 8,351 |
| A.7 | Fiontraíocht Éireann | | | | |
| | *Suim bhunaidh* | 155,787 | | | |
| | *Tabhairt suas iarchurtha* | 13,125 | | | |
| | *Suim fhorlíontach* | (13,000) | 155,912 | 140,187 | 136,400 |
| A.8 | Forbairt Fiontar Contae | | 26,386 | 30,320 | 29,957 |
| A.9 | Faireachán agus measúnú ar Chláir an AE | | 89 | — | 16 |
| A.10 | Forbairt Fiontar INTERREG | | | | |
| | *Suim bhunaidh* | 3,000 | | | |
| | *Suim fhorlíontach* | 3,000 | 6,000 | 5,999 | 1,512 |
| A.11 | An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann - deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta | | 6,322 | 6,245 | 6,336 |
| A.12 | Ciste Iasachta do Mhionfhiontair | | 10,000 | 10,000 | — |
| A.13 | Suibscríbhinní d'Eagraíochtaí Idirnáisiúnta, etc. | | 28 | 29 | 28 |
| A.14 | Coimisiúin, Coistí agus Iniúchtaí Speisialta | | 1 | 1 | 1 |
| A.15 | Seirbhísí eile | | 193 | 11 | — |
| A.16 | Árachas Creidmheasa Easpórtála - aisíocaíocht leis an Státchiste | | 8 | 9 | 7 |
| A.17 | Scéim ráthaíochta shealadach um chreidmheas páirteach | | | | |
| | *Suim bhunaidh* | — | | | |
| | *Suim fhorlíontach* | 501 | 501 | 239 | — |
| — | *Fiontraíocht Éireann - Scéim Shealadach Fóirdheontas Fostaíochta – Airgeadteoranta* | | — | — | *4,250* |
| | | | 414,224 | 400,505 | 379,356 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €13,719,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhí sé sin amhlaidh den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne Teoranta | 1,547 | Níor theastaigh an leithdháileadh caipitil iomlán ó Fhorbairt Shionainne toisc go raibh cistí tugtha ar aghaidh aici agus gur comhaontaíodh go bhféadfadh sí aisíocaíochtaí deontais de €1,225,054 a úsáid chun íocaíochtaí deontais a chómhaoiniú. Baineadh coigiltí amach freisin toisc go raibh líon na ndaoine a scoir níos lú ná a bhíothas ag súil leis. |
| Fiontraíocht Éireann | 15,725 | D'eascair an coigilteas i bhFiontraíocht Éireann ar fud roinn ceannteideal costais trí mhéan meascáin de chaiteachas ag cur siar agus roinnt coigiltis éifeachtachta / luach airgid. Tharla an gannchaiteachas Caipitil go príomha mar gheall ar tharraingt anuas níos ísle cistí faoi chiste caipitil fhiontair an Chiste Idirnáisiúnta d'Éirinn (IFI) agus mar gheall ar éilimh ó chliantchomhlachtaí a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Cuireadh isteach ar a lán pleananna leathnaithe comhlachta ar thacaigh FÉ leo i 2008, agus go pointe níos lú, sna blianta ina dhiaidh sin, mar gheall ar ar tharla sa chor chun donais eacnamaíoch agus i gcás a lán de na cliaint laghdaíodh nó cuireadh deireadh leis na tionscadail. D'eascair gannchaiteachas mar gheall ar chur siar mórthionscadail athchóirithe in oifig Chorcaí agus mar gheall ar an socrú gan dul ar aghaidh leis an athbhrandáil sna líonraí oifige réigiúnacha agus thar lear. |
| Forbairt Fiontar Contae | (3,934) | D'fhorlíon Leithdháileadh Caipitil sa bhreis de €3.775m an leithdháileadh bunaidh, foinsithe ó choigiltí in áiteanna eile sa Roinn. Mhéadaigh sé sin an Caiteachas Caipitil san iomlán go €18.775m agus baineadh úsáid as chun cur ar chumas na mBord Fiontar Contae infheistíocht bhreise arna ndéanamh ag a gcliaint a mhaoiniú. B'ionann an caiteachas deiridh a tabhaíodh agus €18.764m agus baineadh mionchoigiltí amach san iomlán. Ar thaobh an chaiteachais reatha, tabhaíodh €157,864 breise le freastal a dhéanamh ar na costais a bhaineann leis na híocaíochtaí pinsin don fhoireann CEB sin a bhain leas as an ISER. |
| Seirbhísí eile | 182 | Clúdaíonn an fo-mhírcheann seo an costas ar íocaíochtaí ilghnéitheacha a d'fhéadfadh teacht aníos ar fud na Roinne, lena n-áirítear costais dlí a d'fhéadfadh a bheith ann, nach ndearnadh soláthar ina leith in áit eile sa Vóta. Tá oibleagáid ar an Roinn soláthar teagmhasach a dhéanamh do na costais sin a bhféadfadh nádúr aonuaire a bheith acu agus mar a bhfuil uainiú an chaiteachais neamhchinnte. |
| Scéim ráthaíochta shealadach um chreidmheas páirteach | 262 | Clúdaíonn an fo-mhírcheann seo an costas ar íocaíochtaí ilghnéitheacha a d'fhéadfadh teacht aníos ar fud na Roinne, lena n-áirítear costais dlí a d'fhéadfadh a bheith ann, nach ndearnadh soláthar ina leith in áit eile sa Vóta. Tá oibleagáid ar an Roinn soláthar teagmhasach a dhéanamh do na costais sin a bhféadfadh nádúr aonuaire a bheith acu agus mar a bhfuil uainiú an chaiteachais neamhchinnte. |

| | | | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim soláthraithe sa mheastachán | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| **B** | **Nuálaíocht** | | | | | |
| B.1 | Riarachán – pá | | 6,086 | 4,654 | | 5,057 |
| B.2 | Riarachán – caiteachas eile | | 2,306 | 1,585 | | 1,554 |
| B.3 | Oifig na bPaitinní | | 2,959 | 3,165 | | 3,147 |
| B.4 | An Clár um Fhorbairt Eolaíochta agus Teicneolaíochta | | | | | |
| | *Suim bhunaidh* | 314,580 | | | | |
| | *Tabhairt Suas Iarchurtha* | 5,000 | | | | |
| | *Suim fhorlíontach* | (4,999) | 314,581 | 294,867 | | 302,659 |
| B.5 | Baile Átha Cliath- Cathair na hEolaíochta | | 1,500 | 1,350 | | 932 |
| B.6 | Clár le haghaidh Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI) | | | | | |
| | *Suim bhunaidh* | 52,954 | | | | |
| | *Suim fhorlíontach* | 5,000 | 57,954 | 54,705 | | 57,856 |
| B.7 | Suibscríbhinní d'Eagraíochtaí Idirnáisiúnta, etc. | | 16,256 | 16,254 | | 16,238 |
| B.8 | Coimisiúin, Coistí agus Iniúchtaí Speisialta | | 1 | 1 | | 2 |
| B.9 | Costais dlí | | 6 | — | | — |
| B.10 | Seirbhísí eile | | 220 | 27 | | 18 |
| | | | 401,869 | 376,608 | | 387,463 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €25,261,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhí sé sin amhlaidh den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - caiteachas eile | 721 | Tríd is tríd, bhí caiteachas riaracháin neamhphá ar fud na 3 Chlár 17% níos lú ná a measadh. Toisc gurb í seo an chéad bhliain ina ndearnadh na costais riaracháin a leithdháileadh agus a chionroinnt sna cláir, chruthaigh sí athruithe suntasacha idir na cláir. Déanfar athbhreithniú ar an mbonn cionranna i gcomhthéacs na meastachán do 2013. |
| Oifig na bPaitinní | (206) | Roimh 2012, áiríodh caiteachas i ndáil le hOifig na bPaitinní leis na fo-mhírchinn riaracháin. Mhéadaigh an barrachas ar fud raon réimsí riaracháin, lena n-áirítear TF, Pá agus taisteal agus liúntas cothaithe. |
| An Clár um Fhorbairt Eolaíochta agus Teicneolaíochta | 19,714 | D'eascair coigilteas de €24 mhilliún as tarraingt anuas cistí i 2012 a bhí níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis agus mar gheall ar shrianta ar fhaofaí tionscadail de thairbhe rialuithe oidhreachta a cuireadh i bhfeidhm i 2010 ar thiomantais chaipitil agus ar fhaofaí tionscadail. Cuireadh maoiniú breise de €3.7 milliún ar fáil d'Institiúid Tyndall le trealamh taighde a cheannach. |

| Cur síos | Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Baile Átha Cliath-Cathair na hEolaíochta | 150 | I 2009, d'fhaomh an Rialtas leithdháileadh iomlán de €2.97m do na blianta 2009 – 2012 i gcomhair na gcostas ar Fhóram Oscailte EuroScience a óstáil i mBaile Átha Cliath i mí Iúil 2012. I 2011, d'iarr Cathair Eolaíochta go dtabharfaí €100,000 dá leithdháileadh maoinithe 2012 ar aghaidh go 2011; le feachtas margaíochta a spreagadh don imeacht agus le roinnt ábhar a bhaineann le cúrsaí margaíochta a fháil le tacú leis an luathchlárú agus glacadh leis an iarratas seo. Bhí an caiteachas ar na gníomhaíochtaí seo i 2011 (in ionad 2012, mar a beartaíodh i dtús báire), i dteannta coigiltí ar línte éagsúla caiteachais, ina gcúis leis an athrú íostarraingthe i 2012. |
| Clár le haghaidh Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI | 3,249 | Tharla an t-athrú i ndáil le 15 chlár struchtúrtha PhD agus Teicneolaíochta Éirithí faoi Thimthriall 5 den Chlár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal. Tionscnaíodh na cláir sin go mall i 2011 agus baineann siad le cohórt de 350 mac léinn. Sna céimeanna tosaigh, bhí an earcaíocht rathúil de phearsanra cáilithe go hiomchuí chun páirt a ghlacadh i leibhéal PhD dúshlánach agus chuir sí isteach ar dhul chun cinn, agus, go mall i 2012, d'imir an cur isteach mall sonraí comhlána caiteachais R4 tionchar ar an íostarraingt ar fáil agus, dá bhrí sin, bhí sí ina cúis leis an athrú. |
| Seirbhísí eile | 193 | Clúdaíonn an fo-mhírcheann seo an costas ar íocaíochtaí ilghnéitheacha a d'fhéadfadh teacht aníos ar fud na Roinne, lena n-áirítear costais dlí a d'fhéadfadh a bheith ann, nach ndearnadh soláthar ina leith in áit eile sa Vóta. Tá oibleagáid ar an Roinn soláthar teagmhasach a dhéanamh do na costais sin a bhféadfadh nádúr aonuaire a bheith acu agus mar a bhfuil uainiú an chaiteachais neamhchinnte. |

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **C** | **Rialáil** | | | |
| C.1 | Riarachán – pá | 11,255 | 9,365 | 10,990 |
| C.2 | Riarachán – caiteachas eile | 3,058 | 2,659 | 2,721 |
| C.3 | An Clár um Chaidreamh san Ionad Oibre | 18,203 | 17,650 | 18,172 |
| C.4 | Deontais le haghaidh Seirbhísí Oideachais agus Comhairleoireachta Ceardchumann – Teoranta ó thaobh airgid thirim de | 944 | 944 | 874 |
| C.5 | Cur Chun Cinn Comhpháirtíochta Chiste Nuálaíochta an Ionaid Oibre | 226 | 67 | 255 |
| C.6 | Cónascthaí Ceardchumann | 10 | — | — |
| C.7 | Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | 5,697 | 3,436 | 3,397 |
| C.8 | Údaráis Iomaíochta | 4,654 | 3,871 | 3,621 |
| C.9 | An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí | 7,841 | 5,752 | 7,121 |
| C.10 | Tacaíocht do Thomhaltóirí | 47 | 47 | — |
| C.11 | An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Clárlann na gCara-Chumann - deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta | 7,368 | 6,990 | 7,463 |
| C.12 | Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (deontas- i-gcabhair) | 1,639 | 1,476 | 1,442 |
| C.13 | An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta | 58 | 55 | 55 |
| C.14 | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta - deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta | 19,706 | 19,006 | 19,828 |
| C.15 | An Coiste Creata Náisiúnta do Pholasaithe Cothromaíochta Oibre/Saoil | 2 | — | — |
| C.16 | Suibscríbhinní d'Eagraíochtaí Idirnáisiúnta, etc. | 1,564 | 1,568 | 1,589 |
| C.17 | Coimisiúin, Coistí agus Iniúchtaí Speisialta | 400 | 319 | 204 |
| C.18 | Costais dlí | 1,064 | 433 | 60 |
| C.19 | Taighde, lena n-áirítear suirbhéanna daonchumhachta | 168 | 24 | 1 |
| C.20 | Seirbhísí eile | 183 | 111 | — |
| | | 84,087 | 73,773 | 77,793 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €10,314,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhí sé sin amhlaidh den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Cur Chun Cinn Comhpháirtíochta Chiste Nuálaíochta an Ionaid Oibre | 159 | Ba éard a bhí sa mheastachán do 2012 an íostarraingt ionchasach cistí ag Fiontraíocht Éireann. Cuireadh tús le ceadú Fhiontraíocht Éireann do thionscadail i mí Aibreáin 2007 agus bhíothas ag súil leis ón tús go dtógfadh sé tréimhse ama do na tionscadail forbairt a dhéanamh. Rinneadh soláthar chun na dliteanais i leith deontas a faomhadh cheana a ghlanadh. Mar sin féin, mar gheall ar an timpeallacht neamhchinnte gheilleagrach, rinne na cuideachtaí a faomhadh i leith deontas faoin scéim pleananna le gníomhaíocht tionscadail a chur siar agus níor íostarraingíodh an leithdháileadh ar fad faoi dheireadh 2012. |
| Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | 2,261 | Tháinig coigiltí ar phá as laghduithe foirne mar gheall ar an Scéim Dreasaithe um Luathscor. D'eascair mórchuid an choigiltis ar neamhphá ós rud é nach ndearnadh dul chun cinn ar líon mór cásanna os comhair na Cúirte faoi láthair chomh gasta agus a bhíothas ag súil leis. Is lasmuigh de rialú na hOifige den chuid is mó atá uainiú agus toradh na gcásanna agus, dá bhrí sin, tá sé deacair uainiú ná leibhéal na gcostas a d'fhéadfadh an Oifig a thabhú a mheas. Toisc go bhfuil formhór na gcásanna i gceist le cinneadh go fóill, is féidir costais dlí atá iontach mór a bheidh dlite lena n-íoc i 2013 nó i mblianta ina dhiaidh sin ag an Oifig. |
| Údaráis Iomaíochta | 783 | Níor íostarraing an tÚdarás Iomaíochta ach €150,214 dá leithdháileadh neamhphá de €998,000 i rith 2012 toisc go raibh barrachas ina chuntas bainc aige ó thús na bliana 2012. Tháinig an barrachas aníos as an mbailiú cistí chun aon dliteanas teagmhasach a chlúdach i gcás aon bhronnta de chostais dlí in aghaidh an Údaráis i gcás cúirte. Níor tháinig dliteanas den chineál sin aníos i 2012. |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí | 2,089 | I 2012 theastaigh maoiniú laghdaithe don Ghníomhaireacht ós rud é gur sháraigh tobhach 2011 ar sholáthróirí seirbhíse airgeadais rialaithe a chaiteachas don bhliain. Baineadh úsáid as an bhfarasbarr seo le caiteachas 2012 a mhaoiniú. Ina theannta sin, bhí an caiteachas pá níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis ós rud é go raibh líon iomlán na foirne a fostaíodh níos ísle ná leibhéal foirnithe ECF agus baineadh coigilteas amach i réimsí ar nós costais dlíthiúla, cláir thomhaltóra agus fheasachta agus costais áiseanna. |
| An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Clárlann na gCara-Chumann - deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta | 378 | Tharla an coigilteas mar gheall ar líon beart nuálaíoch agus sábhála costais a tugadh isteach ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus ag Cláraitheoir na gCara-chumann i 2011, a cuireadh i bhfeidhm go hiomlán i 2012. Áiríodh ar na bearta seo athsholáthar phostáil mheabhrúchán tuairisceán bliantúil neamhreachtúil le meabhrúcháin ríomhphoist, athchur amach ar thairiscintí do raon seirbhísí agus soláthar seirbhísí ar líne níos éifeachtaí ó thaobh costais de chuig custaiméirí, leithéidí córas leictreonach feabhsaithe d'ionchorprú comhlachtaí nua agus feabhsuithe ar roghanna e-chomhdaithe agus féinchláraithe. |

| **Cur síos** | **Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (deontas-i- gcabhair) | 163 | Bhí Meastachán 2012 bunaithe ar an gcoinníoll go mbeadh foireann iomlán ag IAASA. Rith sé deacair leis an Údarás, áfach, folúntas a líonadh ag leibhéal an bhainisteora thionscadail, agus mhair folúntais an Phríomhfheidhmeannaigh ar feadh thart ar cheithre mhí freisin, rud a ghin an gannchaiteachas. |
| Costais dlí | 631 | Táthar ag feitheamh le roinnt caingne dlí a bhfuil ceisteanna bunreachtúla ag baint leo. Ní féidir toradh na gcásanna seo a thuar, go ginearálta, ach rinneadh soláthar do chostais sa chás gur fhéidir leo teacht chun cinn. |
| Taighde, lena n-áirítear suirbhéanna daonchumhachta | 144 | Is é cuspóir an fhotheidil seo ná tionscadail taighde a mhaoiniú atá faofa ag Bord Bainistíochta na Roinne. Bhí an meastachán déanta as €99,000 do thionscadail fhaofa agus ciste teagmhasachta de €69,000. Faomhadh leithdháileadh de €77,000 do staidéar tagarmharcála; ba é costas ar conradh an staidéir seo ná €49,000, áfach. Ós rud é nach raibh an tuarascáil críochnaithe ag deireadh na bliana, ní dhearnadh ach páirtíocaíocht de €24,000 don chomhlacht comhairleachta. Níor iarradh leithdháileadh de €21,000 le tacú le cabhair thaighde do Choiste Athbhreithnithe an Chóipchirt ag an gCoiste, agus mar sin de níor tarraingíodh anuas an leithdháileadh. Níor theastaigh aon tarraingt anuas breise ón bhfotheideal seo i 2012 mar gheall ar leibhéal an-íseal na n-iarratas maoinithe a bhí ann do thionscadail thaighde an bhliain sin. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasuithe i gCabhair | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialta | 600 | 1,083 | 3,152 |
| 2. | Táillí ceadanna oibre | 6,000 | 2,631 | 2,868 |
| 3. | Ceadúnais do ghníomhaireachtaí fostaíochta | 200 | 243 | 216 |
| 4. | An Oifig um Chlárú Cuideachtaí | 19,000 | 19,802 | 20,604 |
| 5. | Clárlann na gCara-Chumann | 100 | 94 | 101 |
| 6. | Fáltais faoi Acht na dTrád-Mharcanna, 1963 agus faoi Acht na bPaitinní, 1964 | 8,000 | 8,588 | 8,271 |
| 7. | Ceadúnais trádála ócáidí | 4 | 2 | 4 |
| 8. | An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí | 343 | 420 | 383 |
| 9. | Fógraí Cumaisc | 360 | 240 | 320 |
| 10. | Fáltais dlí Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | 50 | 31 | 211 |
| 11. | Forbairt Fiontar Contae | 159 | 103 | 27 |
| 12. | Ilghnéitheach | 104 | 243 | 176 |
| 13. | Fáltais ón Údarás Iomaíochta | — | — | 400 |
| 14. | Beartas fiontraíochta (Idir-Thrádáil Éireann) | 40 | 50 | 93 |
| 15. | An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí – deontas le haghaidh faisnéisaAirgeadais agus feidhmeanna oideachais | 2,167 | 834 | 1,563 |
| 16. | Aisíocaíocht tuarastail Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann | 295 | 549 | 490 |
| 17. | Tuarastal agus aoisliúntas an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta | 1,329 | 1,243 | 1,909 |
| 18. | Aoisliúntas an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta | 645 | 511 | 369 |
| 19. | GFT Éireann – Fáltais phinsin a thagann as an Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) | 1,850 | 1,931 | 2,371 |
| 20. | Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne – Fáltais phinsin a thagann as an Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) | 1,008 | 1,073 | 1,138 |
| 21. | Fáltais ó asbhaint phinsean-ábhartha ar luach saothair seirbhíse poiblí | 11,018 | 10,669 | 11,419 |
| 22. | Meastachán forlíontach – An Scéim Ráthaíochta Iasachta Sealadaí | 500 | 2 | — |
| | **Iomlán** | 53,772 | 50,342 | 56,085 |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach ceannteideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a measadh agus breis is 5% níos mó nó níos lú ná ón tsuim a measadh.

| Cur síos | Níos lú/ (níos mó) ná a measadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialta | (483) | Is é an Ciste Árachais Shóisialaigh a íocann as costas riar achomharc iomarcaíochta, a chuirtear i gcrích sa Roinn seo, Ciste atá á riar ag an Roinn Coimirce Sóisialta (RCS). Go stairiúil, bhí 20% de chostais phárolla infhorchúitithe ón RCS. Cuireadh an argóint chun tosaigh don RCS i 2011 gur chóir 30% a fhorchúiteamh leis an méadú suntasach a léiriú san ualach oibre a bhaineann le hachomhairc. Bhí meastachán 2012 bunaithe ar chostais fhorchúitithe de 20%. D'aontaigh an RCS ina dhiaidh sin, áfach, gur chóir go mbeadh an forchúiteamh do 2012 bunaithe ar an bhfigiúr 30%.. |
| Táillí ceadanna oibre | 3,369 | Is féidir an laghdú i bhfáltais táillí a mhíniú mar seo:<br>• Cuireadh €3.8 milliún san áireamh i meastachán 2012 maidir le hioncam táille a rabhthas ag súil lena fháil i dtaca le Mic Léinn Thar Am. Fuarthas amach ó shin go bpléifear le Mic Léinn Thar Am ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais tar éis seoladh i Mí Dheireadh Fómhair 2012 de scéim Shínithe Ama Phromhaidh Mhic Léinn a chuireann ar chumas Mac Léinn Thar Am bheith ag obair ar feadh 40 uair an chloig in aghaidh na seachtaine gan ceadúnas oibre a bheith de dhíth orthu;<br>• baint neamhphleanáilte an riachtanais ar shaoránaigh ón mBulgáir agus ón Rómáin ceadúnas oibre a bheith acu ó 1 Eanáir 2012 (Féach Nóta 6.3);<br>• laghdú ginearálta ó thaobh éilimh ar cheadúnais |
| Fáltais faoi Acht na dTrád-Mharcanna, 1963 agus faoi Acht na bPaitinní, 1964 | (588) | Tháinig an difríocht idir an meastachán agus an t-ioncam ón méadú ar an méid ioncaim ó tháillí athnuachana ó Phaitinní Eorpacha inar ainmníodh Éire mar thír phaitinne ar mhian leis an iarratasóir feidhm a bheith ag an bpaitinn ina leith, mar aon leis an méadú ar ioncam ó tháillí athnuachana Trádmharcanna Idirnáisiúnta a bheith níos mó ná mar a ceapadh. |
| Fógraí Cumaisc | 120 | Ní mór fógra a thabhairt don Údarás Iomaíochta faoi Chumaisc agus faoi Éadálacha os cionn tairseach airgeadais ar leith agus ní mór táille fhorordaithe de €8,000 a bheith ag gabháil le gach idirbheart a dtugtar fógra fúthu. Bunaithe ar líon na gcumasc ar tugadh fógra don Údarás fúthu le roinnt blianta anuas (40 cumasc i 2011 agus 46 cumasc i 2010), réamh-mheas an tÚdarás go mbeadh 45 cumasc i 2012, rud a réadódh €360,000 i dtáillí. Mar sin féin, níor tugadh fógra ach faoi 32 cumasc i 2012. Níor fógraíodh dhá cheann de na cumaisc go dtí deireadh Mhí na Nollag 2012, agus ní bhfuarthas na táillí gaolmhara ag an Roinn go dtí Mí Eanáir 2013. |
| Ilghnéitheach | (139) | Mar gheall ar nádúr na catagóire seo, tá sé deacair tuar cén leibheál ioncaim a gheofar faoi. Baineann méid suntasach den fharasbarr, thart ar €112,000 le cistí neamhúsáidte a cuireadh ar ais ag Boird Fhiontair Chontae. Baineann an t-iarmhéid le líon suimeanna beaga ilghnéitheacha a fuarthas ag an Roinn. |

| Cur síos | Níos lú/ (níos mó) ná a measadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí – deontas le haghaidh faisnéisaAirgeadais agus feidhmeanna oideachais | 1,333 | Déantar feidhmeanna eolais agus oideachais airgeadais na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí a mhaoiniú trí mheán tobhaigh ar aonáin rialaithe seirbhíse airgeadais. Ós rud é nach mbailítear an tobhach go dtí go déanach sa bhliain réamh-mhaoiníonn an Roinn na costais neamhphá trí mheán Fotheidil C.9 agus cúitíonn an Ghníomhaireacht an Roinn san fhotheideal seo ar fhorchúiteamh an tobhaigh di. Is í an phríomhchúis go bhfuil difríocht ann idir an meastachán agus an t-ioncam ná gur tugadh faoi mhéid laghdaithe oibre i réimse na faisnéise airgeadais agus na bhfeidhmeanna oideachasúla. Bhí de thoradh air sin tabhú níos lú caiteachais sa réimse seo ag an nGníomhaireacht seo agus laghdú dá bharr sin ó thaobh leithghabhála i gcabhair. |
| Aisíocaíocht tuarastail Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann | (254) | Tá IAASA páirtmhaointhe ag an Roinn agus ag na comhlachais chuntasaíochta. Déanann an Roinn tuarastail agus íocaíochtaí gaolmhara a phróiseáil ar son IAASA. Ós rud é go sáraíonn méid comhiomlán na n-íocaíochtaí seo dliteanas an Státchiste, déantar aisíocaíocht don Roinn ag deireadh na bliana. Ba é an méid a caitheadh ag an Roinn ar thuarastail agus ar íocaíochtaí gaolmhara ná €1,476,000 agus ba é dliteanas an Státchiste do IAASA i 2012 ná €952,000. Bhí aisíocaíocht de €524,000 móide iarmhéid gan íoc de €25,000 le haisíoc don Roinn. Léiríonn an méadú sa mhéid A-in-A go raibh meastachán 2012 bunaithe ar an gcoinníoll go mbeadh foireann iomlán ag an Údarás don bhliain iomlán. Ba é an figiúr foirne ECF do 2012 ná 15, ach ba é an líon iarbhír foirne a bhí ag feidhmiú ag 31 Nollaig 2012 ná 13, rud a chuaigh i bhfeidhm dá réir ar thoradh pá na bliana. |
| Aoisliúntas an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta | 134 | Baineann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) ranníocaíochtaí pinsin óna fhostaithe trína chóras párolla. Leithdháileann sé na ranníocaíochtaí sin agus airgead aoisliúntais eile glan ar aon chnapshuimeanna scoir/aiscí báis etc. ar an Roinn ar bhonn míosúil. Mínítear an difríocht idir an meastachán agus an toradh ag íocaíocht chnapshuimeanna do bheirt bhall foirne a chuaigh ar pinsean, suimeanna nach rabhthas ag súil leis go mbeidís i gceist i 2012. |
| Meastachán forlíontach – An Scéim Ráthaíochta Iasachta Sealadaí | 498 | Níor seoladh an Scéim ach ar an 18 Deireadh Fómhair 2012. Bhí an tsuim réamh-mheasta bunaithe ar dháta seolta níos luaithe. |

**4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste**

| | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|
| | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Creidmheas easpórtála – aisghabhálacha ón Iaráic/An Nigéir | 100,000 | 868,518 | — |
| GFT Éireann – fáltais ón tionscadal idirnascachta | — | 22,000 | 45,985 |
| GFT Éireann – reatha | — | 201,000 | 20,000 |
| Fiontraíocht Éireann – reatha (A7, A8, B4) | 591,000 | 989,935 | 3,320,822 |
| Fiontraíocht Éireann – caipiteal (A7, A8, B4) | 20,344,000 | 29,738,135 | 33,299,924 |
| Forfás – reatha | 623,000 | 623,000 | 1,232,000 |
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann - caipiteal (B4) | — | 427,944 | 20,436 |
| Ilghnéitheach | — | 5,919 | 685,397 |
| *GFT Éireann – caipiteal* | — | — | *110,000* |
| *An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta – Aisíocaíocht Costas Bunaithe* | — | — | *6,937,640* |
| *An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta* | — | — | *99,314* |
| *An tSochaí Faisnéise – Aisíocaíocht i ndáil le tionscadail de chuid Tionscadal sa Mhargadh Aonair 111* | — | — | *10,122* |
| | 21,658,000 | 32,876,451 | 45,781,640 |

# 5 Líon Fostaithe agus Pá

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Líon Foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha)[1] | 2,661 | 2,824 |

[1] Cuimsíonn na figiúirí seo fostaithe ó Bhord na nDíobhálacha (a dtugtaí PIAB air roimhe seo), gníomhaireacht stáit neamhthráchtála nach bhfaigheann maoiniú Státchiste go díreach.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 168,446 | 177,339 |
| Liúntais i leith dualgais níos airde, speisialta nó breise | 873 | 953 |
| Liúntais eile | 1,833 | 1,552 |
| Ragobair | 567 | 630 |
| ÁSPC Fostóra | 10,701 | 10,696 |
| **Pá Iomlán** | **182,420** | **191,170** |

Níor léirigh líon na foirne a nochtaíodh i gcuntas leithghabhála 2011 líon an Chreata Rialaithe Fhostaíochta (CRF). Bhain na sonraí airgeadais a cuireadh ar fáil i gcuntas 2011 leis an bhfoireann sin amháin a íocadh ó na fotheidil riaracháin A1, B1 agus C1.

### 5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí de €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2012 | 2011 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 209 | 9 | 36,053 | 39,146 |
| Liúntais eile | 646 | 38 | 92,826 | 69,127 |
| Ragobair | 221 | 12 | 32,086 | 30,468 |

Fuair daoine áirithe luach saothair sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin.

### 5.2 Íocaíochtaí Feidhmíochta agus Tuillteanais

Íocadh €17,000 san iomlán le 56 fostaí ghníomhaireachtaí na Roinne i 2012.

### 5.3 Socruithe Luacha Saothair Eile

Íocadh €148,480 san iomlán le cúigear státseirbhíseach ar scor a bhí rannpháirteach i ndualgais éagsúla an athuair le linn 2012.

Soláthraíodh carr cuideachta do POF cheithre ghníomhaireacht de chuid na Roinne.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Cistiú ón AE

Mar aon le deontais ón Vóta, fuair na comhlachtaí seo a leanas, faoi choimirce na Roinn, cúnamh go díreach ón AE i 2012, mar atá léirithe thíos:

| Fo-mhírcheann | Comhlacht Maoinithe | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | | Total | Total |
| | | € | € |
| A.6 | Forbairt Shionainne | 399,078 | — |
| B.4 | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | 716,685 | — |
| B.5 | Forfás | 329,450 | — |
| | | 1,445,213 | — |

### 6.2 Coimisiúin, Coistí agus Iniúchtaí Speisialta

| | Bliain an cheaptha | 2012 Toradh | 2011 Toradh |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Comhchoistí Oibreachais | 1946 | 8,335 | 18,746 |
| Fiosrúcháin um Dhlí na gCuideachtaí | 1994 | 71,770 | — |
| Grúpa Athbhreithnithe um Dhlí na gCuideachtaí | 2000 | 87,947 | 19,966 |
| Grúpa ar Rialúchán Gnó | 2006 | 8,299 | 15,054 |
| Sábháilteacht san Ionad Oibre | 2002 | 140,000 | 140,000 |
| Coiste Iniúchta Rannach | 2004 | 3,150 | 4,500 |
| Grúpa Athbhreithnithe Dlí ar Dhíolacháin | 2009 | 1,202 | 9,173 |
| | | 320,703 | 207,439 |

### 6.3 Aisíoc na dTáillí um Cheadanna Fostaíochta

Rinneadh socrú Rialtais ar 17 Iúil 2012 deireadh a chur le srianta ar rochtain an mhargaidh shaothair do shaoránaigh ón mBulgáir agus ón Rómáin le feidhm ó 1 Eanáir 2012. Aisíocadh airgead a fuarthas i dtaca le ceadúnais a eisíodh do shaoránaigh ón mBulgáir agus ón Rómáin ó bhí 1 Eanáir 2012. Suim de €153,000 a bhí i gceist leis sin i 2012.

### 6.4 Costais Dlí

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| Tá costais dlí a íocadh le linn na bliana leagtha amach mar seo a leanas: | € | € |
| Costais dlí | 967,260 | 576,683 |
| Costais chúitimh | 142,332 | — |
| | 1,109,592 | 576,683 |

**6.5 Íocaíochtaí Ilghnéitheacha**

Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna - ráiteas íocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le hAlt 25(1) den Acht um Sheirbhísí Saothair, 1987

| | Iomlán don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 | Iomlán don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| An méid a fuair an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta | 338,005 | 310,750 |
| An méid a d'íoc an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta isteach sa Státchiste | 338,005 | 310,750 |

Cuireadh deireadh leis an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna, a bhí socraithe ag 1% d'ioncam iomlán duine, seachas roinnt eisceachtaí, le feidhm ó 6 Aibreán 1999. Leanann an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta uirthi de bheith ag fáil suimeanna a bhaineann le híocaíochtaí stairiúla cánacha. Bailítear an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus íoctar é chuig an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar bhonn míosúil. Íoctar an t-airgead go díreach chuig an Státchiste.

**6.6 Dliteanais Theagmhasacha**

Cuireadh Scéim Shealadach um Ráthaíocht Pháirteach Chreidmheasa ar bun i mí na Samhna 2012. Faoin scéim sin, tabharfaidh an Rialtas ráthaíocht pháirteach d'iasachtaí ó iasachtóirí traidisiúnta do ghnólachtaí inmharthana a bhíonn ar imill chinntí a bhaineann le hiasachtú tráchtála agus a mbíonn deacrachtaí acu creidmheas a fháil mar gheall ar dhá chúis ar leith: (i) comhthaobhacht neamhleor, (ii) níl na scileanna ná an taithí ag an iasachtóir measúnú cuí a dhéanamh ar an tairiscint, de bharr easpa eolais ar earnálacha, ar mhargaí nó ar theicneolaíochtaí nua. Is í an neamhchosaint uasta d'iasachtaí ráthaithe do 2012 ná €27,150. Táthar ag súil go dtiocfaidh an dliteanas seo chun cinn i 2013.

D'fhéadfadh go mbeadh dliteanas ar an Roinn faoin scéim árachais chreidmheasa onnmhairí. Mainníodh earraí a sholáthar do chuideachta blianta fada ó shin cé go raibh an lastas clúdaithe faoi pholasaí na cuideachta sin. Ní dhearnadh aon éileamh go dtí seo agus níl aon chomhartha go ndéanfar éileamh. Is ionann an t-éileamh uasta a d'fhéadfadh a bheith ann agus níos lú ná €400,000.

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh agus a d'fhéadfadh dliteanais a chur ar an Roinn, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Is éiginnte atá aon suim iarbhír agus uainiú na ndliteanas a d'fhéadfadh a bheith ann.

**6.7 Nithe Díscríofa**

I 2012, thug an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cead chun roinnt iarmhéideanna cuntais fionraí stairiúil arbh fhiú €66,785 iad a dhíscríobh. Gearradh na hiarmhéideanna sin ar an bhfo-mhírcheann riaracháin cuí..